Martin Cullen sa nuacht arís

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi shaol oibre Martin Cullen. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan féin agus an duine in aice leat iarracht an dá cholún thíos a cheangal – cabhróidh an stór focal libh an tuairisc a thuiscint.

1. he is retiring	a. éigniú
2. political journey	b. tá sé ag éirí as
3. as a marketing manager	c. comhlacht fíona
4. wine company	d. bhí sé ag tagairt do
5. Progressive Democrats	e. aistear polaitiúil
6. he was spokesperson on	f. cáineadh an fhreasúra
7. when he was refused	g. bhí sé mar urlabhraí ar
8. the European Elections	h. príobháidiú
9. the opposition's criticism	i. na toghcháin Eorpacha
10. two independent reports	j. mar bhainisteoir margaíochta
11. privatisation	k. nuair a diúltaíodh dó
12. rape	l. An Páirtí Daonlathach
13. he was referring to	m. dhá thuairisc neamhspleácha

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht an t-eolas sa cholún ar chlé a mheaitseáil leis na blianta sa cholún ar dheis:

Chaill M. Cullen a shuíochán san olltoghchán.	1987
Chosain sé an costas a bhain leis na meaisíní don vótáil leictreonach.	1989
Thit an doras ón héileacaptar ina raibh sé agus bhí sé mhíle euro ar an eitilt.	1994
Toghadh Martin Cullen ina Theachta Dála.	2004
D'éirigh sé míshocair leis an bPáirtí Daonlathach.	2009

Ceist 3 **(a)** '…a shuíochán…' agus '…as a phost…'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist sna samplaí thuas?

Bain úsáid as na focail seo chun an ghné úd a mhíniú i ngach pearsa:

cóta úll teach

(b) Anois, cad faoin fhocal 'cónaí'? Cuir Gaeilge ar na habairtí thíos.

He lives in the city.
She lives in London now.
They live in Australia.

(c) Cén Ghaeilge atá ar *I'm originally from* . . .? Cuir Gaeilge ar na habairtí thíos anois.

I'm originally from Cork but I'm living in Dublin now.
He's originally from London but he's living in Galway now.
We're from Ennis but we're living in Kilkenny.
She's living in Dublin but she's from Belfast.

Ceist 4 '…ag tagairt **don** chlúdach…' vs '…thit doras **den** héileacaptar…'

Féach ar na focail i gcló dubh thuas. Cad é an difear idir an dá fhocal?

Lion na bearnaí sna habairtí seo:

1. Bhain mé an leabhar _____ Mháire.
2. Ná bain _____ mhadra sin, is féidir leis a bheith crosta.
3. Thug mé at t-airgead ar ais _____ Shíle.
4. Bain anuas an grianghraf sin _____ bhalla.
5. Bheannaigh mé _____ duine sin.

Ceist 5 Cuir na ceisteanna thíos ar an duine in aice leat.

Cé as duit ó dhúchas?
Cá bhfuil tú i do chónaí anois?
An dtaitníonn do cheantar leat?
Cé mhéad bliain atá tú sa scoil/san ollscoil seo?
Cad atá pleanáilte agat don bhliain amach romhainn?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13
b	e	j	c	l	g	k	i	f	m	h	a	d

Ceist 2

Toghadh Martin Cullen ina Theachta Dála.	1987
Chaill M. Cullen a shuíochán san olltoghchán	1989
D'éirigh sé míshocair leis an bPáirtí Daonlathach.	1994
Chosain sé an costas a bhain leis na meaisíní don vótáil leictreonach.	2004
Thit an doras ón héileacaptar ina raibh sé agus bhí sé mhíle euro ar an eitilt.	2009

Ceist 3
(a) An aidiacht shealbhach atá ann.
- mo chóta, do chóta, a chóta, a cóta, ár gcótaí, bhur gcótaí, a gcótaí
- m'úll, d'úll, a úll, a húll, ár n-úlla, bhur n-úlla, a n-úlla
- mo theach, do theach, a theach, a teach, ár dteach, bhur dteach, a dteach

(b)
Tá sé ina chónaí sa chathair.
Tá sí ina cónaí i Londain anois.
Tá siad ina gcónaí san Astráil.

(c) Is as _____ ó dhúchas mé!
Is as Corcaigh ó dhúchas mé ach tá mé i mo chónaí i mBaile Átha Cliath anois.
Is as Londain ó dhúchas é ach tá sé ina chónaí i nGaillimh anois.
Is as Inis ó dhúchas muid ach tá muid inár gcónaí i gCill Chainnigh anois.
Tá sí ina cónaí i mBaile Átha Cliath ach is as Béal Feirste ó dhúchas í.

Ceist 4
de – from agus **do** – to, **den** – from the agus **don** – to the.

1. Bhain mé an leabhar **de** Mháire.
2. Ná bain **den** mhadra sin, is féidir leis a bheith crosta.
3. Thug mé at t-airgead ar ais **do** Shíle.
4. Bain anuas an grianghraf sin **den** bhalla.
5. Bheannaigh mé **don** duine sin.

Ceist 5
Tabhair tamall do gach beirt na ceisteanna a chur ar a chéile.

Maolra Mac Donnchadha
Tuigtear dúinn go bhfógróidh an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta Martin Cullen fós anocht, nó b'fhéidir amárach, go bhfuil sé ag éirí as a phost. Labhróimid le muintir Phort Láirge faoin scéala ar ball beag ach ar dtús tá cur síos ag Irene Ní Nualláin ar aistear polaitiúil Martin Cullen ón uair a toghadh ar dtús é ina Theachta Dála i 1987.

Irene Ní Nualláin
D'oibrigh Martin Cullen mar bhainisteoir margaíochta i gcomhlacht fíona sular chuir sé spéis sa bpolaitíocht. Nuair a toghadh é mar Theachta Dála don Pháirtí Daonlathach i 1987, bhí sé mar urlabhraí ar chúrsaí turasóireachta, iompair agus cumarsáide agus ina dhiaidh sin ar chúrsaí gnó. Chaill sé a shuíochán san olltoghchán i 1989 ach d'fhill sé ar an Dáil arís i 1992. D'éirigh sé míshocair leis an bPáirtí Daonlathach i 1994 nuair a diúltaíodh dó seasamh mar iarrthóir sna toghcháin Eorpacha, agus chuaigh sé le Fianna Fáil. Tharraing sé cáineadh an fhreasúra i 2004 nuair a rinne sé cosaint láidir ar na meaisíní costasacha a ceannaíodh don chóras vótáil leictreonach. Bhí sé go mór sna nuachtáin nuair a bhí sé mar Aire Iompair i 2004 de bharr conradh a tugadh do chomhlacht PR de chuid Monica Leech. I ndiaidh dhá thuairisc neamhspleácha faoin eachtra fritheadh amach nach raibh aon rud déanta as an mbealach aige. Tharla príobháidiú Aer Lingus le linn a réime mar Aire Iompair. I 2009 thit doras den héileacaptar ina raibh sé ag taisteal go tobann. Tharraing sé tuilleadh conspóide air féin faoin eachtra nuair a tuairiscíodh gur chosnaigh an eitilt[1] sé mhíle euro. I mí Eanáir na bliana seo, chuir Martin Cullen an eachtra a tharla le Monica Leech i gcomparáid le héigniú. Bhí sé ag tagairt don chlúdach a thug na meáin don scéal i 2008 agus don bhrú a bhain leis sin.

Irene Ní Nuallain, Nuacht TG4.

[1] an t-eitilt a deirtear